2024/1237

30.4.2024

**CINNEADH (CBES) 2024/1237 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 29 Aibreán 2024**

**lena leasaítear Cinneadh 2014/486/CBES maidir le Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh le haghaidh Athchóiriú na hEarnála Slándála Sibhialta san Úcráin (EUAM Ukraine)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach agus go háirithe Airteagal 42(4) agus Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 22 Iúil 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/486/CBES ([1]), maidir le Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh le haghaidh Athchóiriú na hEarnála Slándála Sibhialta san Úcráin (EUAM Ukraine).

(2) An 20 Bealtaine 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/813 ([2]), lenar cuireadh síneadh le sainordú EUAM Ukraine go dtí an 31 Bealtaine 2024 agus lenar tugadh méid tagartha airgeadais do EUAM Ukraine don tréimhse ón 1 Meitheamh 2021 go dtí an 31 Bealtaine 2024.

(3) An 23 Feabhra 2022, sheol Cónaidhm na Rúise fogha míleata gan chúis gan údar faoin Úcráin, rud a cháin an Chomhairle Eorpach go géar sna conclúidí uaithi an 24 Feabhra 2022.

(4) An 18 Márta 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/452 ([3]), lenar tugadh an cúram breise do EUAM Ukraine comhairle a chur ar údaráis na hÚcráine d'fhonn sreabhadh na ndídeanaithe ón Úcráin go dtí an Pholainn, an Rómáin agus an tSlóvaic agus tabhairt isteach na cabhrach daonnúla san Úcráin a éascú.

(5) An 13 Aibreán 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/638 ([4]), lenar tugadh an cúram breise do EUAM Ukraine tacú a thabhairt d'údaráis na hÚcráine imscrúdú agus ionchúiseamh coireanna idirnáisiúnta a éascú.

(6) Tá níos mó caiteachais ann mar thoradh ar na cúraimí breise a tugadh do EUAM Ukraine agus ar an staid slándála san Úcráin.

(7) Ba cheart an méid tagartha airgeadais le haghaidh EUAM Ukraine don tréimhse ón 1 Meitheamh 2021 go dtí an 31 Bealtaine 2024 a mhéadú chun riachtanais bhreise a chomhlíonadh.

(8) Ba cheart Cinneadh 2014/486/CBES a leasú dá réir sin.

(9) Cuirfear EUAM Ukraine i gcrích i gcomhthéacs staide a d'fhéadfadh dul in olcas agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach iad in Airteagal 21 den Chonradh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

([1]) Cinneadh 2014/486/CBES ón gComhairle an 22 Iúil 2014 maidir le Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh le haghaidh Athchóiriú na hEarnála Slándála Sibhialta san Úcráin (EUAM Ukraine) (IO L 217, 23.7.2014, lch. 42).

([2]) Cinneadh (CBES) 2021/813 ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena leasaítear Cinneadh 2014/486/CBES maidir le Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh le haghaidh Athchóiriú na hEarnála Sibhialtaí Slándála san Úcráin (EUAM Ukraine) (IO L 180, 21.5.2021, lch. 149).

([3]) Cinneadh (CBES) 2022/452 ón gComhairle an 18 Márta 2022 2021 lena leasaítear Cinneadh 2014/486/CBES maidir le Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh le haghaidh Athchóiriú na hEarnála Sibhialtaí Slándála san Úcráin (EUAM Ukraine) (IO L 92, 21.3.2022, lch. 3).

([4]) Cinneadh (CBES) 2022/638 ón gComhairle an 13 Aibreán 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/486/CBES maidir le Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh le haghaidh Athchóiriú na hEarnála Sibhialtaí Slándála san Úcráin (EUAM Ukraine) (IO L 117, 19.4.2022, lch. 38).

*Airteagal 1*

In Airteagal 14(1) de Chinneadh 2014/486/CBES, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na fomhíre deireanaí:

'Is é EUR 90 116 266 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais atá ceaptha an caiteachas a bhaineann le EUAM Ukraine a chumhdach don tréimhse ón 1 Meitheamh 2021 go dtí an 31 Bealtaine 2024.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 29 Aibreán 2024.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

D. CLARINVAL